



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Nóta faisnéise do scoileanna

Samhain 2025, Eagrán 13



Eolas agus Nuashonruithe maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Réamhrá

Is é seo an triú heagrán déag i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chlár um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

Main updates

Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026 – ar fáil anois. Cliceáil [anseo](#) le haghaidh tuilleadh eolais.

Abair do thuairim maidir le forbairt an churaclaim. Tá comhairliúcháin oscailte mar chuid d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil [anseo](#).

Tuilleadh léitheoireachta

Preasráiteas: Ceiliúrann na hAíré McEntee agus Moynihan Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 nua sa tSraith Shinsearach do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Léigh [anseo](#).



Léirigh do thuairimí Comhairliúcháin oscailte

Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta Tráinse 3

Tabharfar Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta isteach i scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2027. Tá an comhairliúchán poiblí ar an dréachtsonraíocht oscailte go dtí 26 Samhain 2025. Cliceáil [anseo](#).

Grafaic Dhearthar agus Chumarsáide Tráinse 3

Tabharfar isteach Grafaic Dhearthar agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta i scoileanna ó Mheán Fómhair 2027. Tá an comhairliúchán poiblí ar an dréachtsonraíocht oscailte go dtí 23 Eanáir 2026. Cliceáil [anseo](#).

Modúil roghnacha do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

Tá an CNCM ag dul i gcomhairle maidir leis na modúil roghnacha atá fágtha a bheidh mar chuid den tsraith iomlán de réimsí curaclaim agus de mhodúil roghnacha do Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Cliceáil [anseo](#).

Leibhéal 1

Ceol
Réimse spéise speisialta
Cócaireacht
Bheith mar chuid den Phobal

Leibhéal 2:

Ceol
Réimse spéise speisialta
An t-am atá thart i m'áit
Dearadh agus Déan
Scileanna TF
Ullmhúchán don Saol tar éis na Scoile



Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026

D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025-2026. Is treoracha iad seo d'iar-bhunscoileanna agus d'eintitis eile a aithnítear chun scrúduithe a reáchtáil, maidir le hobair chúrsa a sheachadadh mar chuid de scrúduithe Stáit 2026.

Comhdhlúthaíonn an doiciméad gach treoir roimhe seo ón CSS maidir le hobair chúrsa, agus leagann sé amach an próiseas chun obair chúrsa bhailí a chríochnú, a fhíordheimhniú agus a chur isteach le haghaidh measúnú sna scrúduithe Stáit.

Is iad an lucht féachana do na rialacha agus na nósanna imeachta seo ná údaráis bhainistíochta scoile – príomhoidí, leas-phríomhoidí, agus iad siúd i bpoist chomhfhreagracha agus múinteoirí in iar-bhunscoileanna agus eintitis eile atá aitheanta ag CSS chun na scrúduithe teastais a reáchtáil. Ina theannta sin, foilseofar treoir ghearr ar na rialacha seo d'iarrthóirí go luath.

Déanfar Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa a nuashonrú agus a fhoilsiú ar bhonn bliantúil.

Rinneadh na rialacha agus na nósanna imeachta a athfhorbairt i ndlúthchomhar leis an Roinn Oideachais agus Óige agus rinneadh comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara sula bhfoilsíodh iad. Is féidir leat teacht ar Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa [anseo](#). Is féidir ceisteanna maidir leis an gcáipéis seo a sheoladh chuig coursework@examinations.ie



Recently published circulars

Ciorclán 0065/2025

Cláir Fhoghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe

Sinsearaí

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná iar-bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus timpeallachtaí oideachais eile a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ar churaclam agus ar mheasúnacht na gClár Foghlama ar Leibhéal 1 agus ar Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Léigh [anseo](#).

Ciorclán 0071/2025

Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta

Leagtar amach sa chiorcláin seo an t-ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Léigh [anseo](#).

Plean chun Filleadh ar Shocruithe Réamh-Covid-19 do Scrúduithe Stáit– eisithe do scoileanna

Seoladh nóta faisnéise ina leagtar amach an cur chuige maidir le coigeartuithe scrúdaithe agus measúnaithe do 2027 is ar aghaidh, agus an plan maidir le coigeartú iarmharcála a chur i bhfeidhm in 2026, chuig scoileanna trí ríomhphost níos luaithe an mhí seo.

Ócáid Cheiliúrtha na gClár Foghlama Leibhéal agus Leibhéal 2

D'óstáil Oifig Bainistíochta tiomnaithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí ócáid cheiliúrtha le déanaí maidir le Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 n Sraithe Sinsearaí. Bhailigh daltaí ó scoileanna a raibh baint acu le forbairt agus cur i bhfeidhm na gclár le chéile i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann, in éineacht lena múinteoirí agus a CRSanna. Ghlac na daltaí páirt i gceardlanna ealaíne, ag nascadh leis an modúl Amharc-ealaín a foilsíodh le déanaí, atá ar fáil ag an dá leibhéal. Go raibh maith agat dóibh siúd go léir a d'fhreastail ar an ócáid.





An Idirbhliain – ag bogadh i dtreo rochtain do chách a aithint

Léirítear an mhian maidir le rochtain a chur ar fáil ar an Idirbhliain do gach scoláire i gClár an Rialtais, atá tiomanta do chlár na hIdirbhliana a leathnú agus ag dul i ngleic leis na bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar scoláirí páirt a ghlacadh. Áirítear le Plean an Oideachais 2025 roinnt tiomantas praiticiúil chun rannpháirtíocht san Idirbhliain a leathnú a chur chun cinn agus ag obair i dtreo rogha a bheith ag gach scoláire i ngach scoil páirt a ghlacadh san Idirbhliain, chomh maith leis na bacainní a aithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar scoláirí páirt a ghlacadh inti. Mar atá leagtha amach i bPlean an Oideachais, oibreoidh an Roinn le scoláirí chun tuiscint a fháil ar a spreagthaí agus a roghanna agus iad ag roghnú cé acu a ghlacfaidh siad páirt san Idirbhliain nó a rachaidh siad díreach ar aghaidh go dtí an cúigiú bliain agus oibreoidh sí le scoileanna chun trédhearcacht níos fearr a chinntiú maidir leis an gcaoi a leithdháiltear áiteanna san Idirbhliain ag leibhéal na scoile. Tá an Roinn ag obair ar rochtain do chách a fhíorú trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal an éilimh neamhchomhlíonta ar rochtain ar an Idirbhliain, trí na cúiseanna a aithint, agus trína chinneadh conas is féidir cabhrú le scoileanna na bearnaí sin a dhúnadh

Bíodh do dheis labhartha agat!

An bhfuil tú ag iarraidh do chuid smaointe ar rochtain ar an Idirbhliain agus conas a théann sé i bhfeidhm le comhthéacs do scoile? An mbeadh suim agat páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán ar an Idirbhliain go luath in 2026? Seol ríomhphost chuig scr_info@education.gov.ie leis an líne ábhair “Rochtain do chách a aithint”.

Nuashonruithe ó Oide




Riachtanais Ábhar Curaclaim le haghaidh ábhar nua Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta

D'fhógair an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil dhá ábhar nua Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Léann na hAmharclannaíochta, na Scannánaíochta agus na Drámaíochta - curtha leis na Riachtanais Ábhar Curaclaim (Iar-bhunscoil) agus go bhfuil soiléirithe déanta ar ábhair áirithe atá ann cheana féin, a thiocfaidh i bhfeidhm do dhaoine a dhéanann iarratas ar chlárú an **5 Eanáir 2026** nó dá éis.

Chomh maith leis na hábhair nua, rinneadh soiléirithe freisin ar na ceanglais maidir le hábhair an Chorpoideachais, na Polaitíochta agus na Sochaí, an Cheoil agus na hEalaíne.

Is féidir leat na riachtanais a léamh [anseo](#).



Meabhrúchán: Amlínte d'Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1

Ar fáil anois

Tá treoirlínte maidir le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) ar curriculumonline.ie

Ar fáil anois

Tá ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 ar examinations.ie

Ar fáil anois

Tá achoimre shamplach don CMB in ocht n-ábhar ar examinations.ie

Éanair 2026

Eiseofar an achoimhre bheo le haghaidh CMBanna in ocht n-ábhar.

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe
Sinsearaí le fáil ar

<https://www.gov.ie/seniorcycle>

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise
seo a chur ar aghaidh go dtí:
scr_info@education.gov.ie.



**An Roinn Oideachais
agus Óige**
Department of Education
and Youth